

**CLÁR 2**

**Comhthéacs:** Is scoil mheasctha uirbeach í seo ina bhfuil níos lú ná 200 scoláire. Sa scoil seo tá an clár ama deartha timpeall ar thréimhsí ranga 40 nóiméad. San áireamh sa chlár Folláine tá na gearrchúrsaí in OSSP agus OSPS agus an cúrsa 135 uair an chloig sa Chorroideachas. Chomh maith leis sin, tá trí aonad foghlama fhada forbartha ag an scoil, mar fhreagairt ar riachtanais agus spéiseanna an scoláire. Tá gach ceann acu 22 uair an chloig ar fad agus maireann siad ar feadh na bliana. Déantar foghlaim a bhaineann le treoir a éascú trí bhloic ghairide, arna socrú idir múinteoirí na n-aonad foghlama agus an treoirchomhairleoir.

Forbraíodh *Ceol agus folláine* sa scoil seo mar bhraith scoláirí go bhféadfadh tairbhí folláine a bheith le hamhránaíocht nó ceol a sheinm mar chuid de ghrúpa<sup>22</sup>. Cruthaíodh é laistigh de chomhthéacs scoile bige nach bhfuil ceol ar fáil inti mar ábhar sa tsraith shóisearach agus, mar sin, níl aon riosca go mbeidh forluí idir an t-aonad foghlama seo agus ceol sa tsraith shóisearach. Déantar *gradam saorálaíochta* Localise a réachtáil i gcomhpháirtíocht leis an eagraíocht neamhrialtasach Localise Youth Volunteering, leis an aidhm folláine a chur chun cinn trí sheirbhís do dhaoine eile. D'fhorbair múinteoir OSPS agus treoirchomhairleoir *Mé féin a bhainistiú agus m'fhoghlaim a bhainistiú* chun dul i ngleic le riachtanais a bhaineann le déileáil le níos mó éileamh staidéar sa tríú bliain, spriocanna foghlama agus spriocdhátaí a bhainistiú (lena n-áirítear MRBanna) agus straitéisí chun cúrsaí a láimhseáil i dtréimhsí struis.

	AN CHÉAD BHLIAIN	AN DARA BHLIAIN	AN TRÍÚ BHLIAIN	UAIREANTA AN CHLOIG
Corpoideachas	Tréimhse ranga dhúbailte	Tréimhse ranga dhúbailte	Tréimhse ranga dhúbailte	135
OSSP	Tréimhse ranga dhúbailte	Tréimhse ranga dhúbailte	Tréimhse ranga amháin	100
OSPS	Tréimhse ranga dhúbailte	Tréimhse ranga amháin	Tréimhse ranga dhúbailte	100
AONAIID	Tréimhsí aonair x 33 seachtaine	Tréimhsí aonair x 33 seachtaine	Tréimhsí aonair x 33 seachtaine	66
Teideal	Ceol agus folláine	Gradam saorálaíochta Localise	Mé féin a bhainistiú agus m'fhoghlaim a bhainistiú	



22 Deimhnítear seo i dtaighde amhail

<https://www.outofthechalk.co.uk/blog/why-singing-is-good-for-pupil-well-being/>

<https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Creative-Ireland-and-Youth-Singing-in-Ireland-Helen-Doyle-research-paper-2019.pdf>

<https://livingwell.org.au/well-being/mental-health/how-music-can-support-our-well-being/>

[https://www.nammfoundation.org/articles/2014-06-01/benefits-learning-and-playing-music-adults?gclid=EAlalQobChMIubW84vfR6QIV2-7tCh3neQSeEAAYASAAEgIQOfD\\_Bw-](https://www.nammfoundation.org/articles/2014-06-01/benefits-learning-and-playing-music-adults?gclid=EAlalQobChMIubW84vfR6QIV2-7tCh3neQSeEAAYASAAEgIQOfD_Bw-)